HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2017

26 Meitheamh 2018

An tUasal Richard Bruton TD, An tAire Oideachais agus Scileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

A Aire, a chara,

Is é mo phribhléid cóip de thuarascáil bhliantúil agus de chuntais iniúchta an ÚAO don bhliain 2017 a sheoladh chugat, chun go ndéanfá í a mheas.

Mar a thug tú faoi deara ón tríú tuarascáil ar Fheidhmíocht an Chórais Ardoideachais 2014-17 a foilsíodh i mí na Nollag seo caite, tá freagra tugtha ag an gcóras ardoideachais sa tréimhse gheilleagrach dhúshlánach seo, freagra a dhéanann freastal ar an éileamh mhéadaithe ar áiteanna do mhic léinn agus ar na riachtanais bhreise scileanna atá ann agus an geilleagar ag téarnamh. Mar a luadh sa tuarascáil sin, tá teacht ag rannpháirtithe ó chúlraí níos éagsúla ná riamh ar ardoideachas mar thoradh ar an líon méadaithe áiteanna atá ar fáil. Tá ceann de na leibhéil gnóthachtála oideachais is airde ar domhan ag Éire anois, agus tá obair chrua déanta ag na hinstitiúidí chun é seo a bhaint amach. Ba mhaith leis an ÚAO a mbuíochas a chur in iúl faoin maoiniú athfhillteach breise a cuirtear ar fáil don ÚAO agus an tiomantas, faoi Thionscadal Éireann 2040, méadú a chur ar an maoiniú caipitil.

Seo a leanas cuid de na príomhrudaí a baineadh amach i rith 2017;

- Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte do Mhaoiniú institiúidí Ardoideachais. Foilsíodh an t-athbhreithniú in Eanáir 2018 agus tá an ÚAO i dteagmháil le páirtithe leasmhara anois d'fhonn na moltaí a chur i bhfeidhm.
- Lean an ÚAO ag obair leis an Roinn chun an Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas a chur i bhfeidhm. Chuir an ÚAO fáilte roimh an €16.5m breise a fuarthas ó do Roinn le tacú le tionscnaimh nua chun rochtain ar ardoideachas a leathnú sna trí bliana atá amach romhainn.
- Thug an ÚAO agus Knowledge Transfer Ireland (KTI) faoi athbhreithniú ar rialú na bPrótacal IP in earnáil an Ardoideachais.
- Rinne an ÚAO maoirseacht ar fheidhmiú Chlár Springboard + a chur 6471 ionad breise ardoideachais ar fáil saor in aisce.
- Chuaigh an ÚAO i mbun próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara roimh fhorbairt a dhéanamh ar a Phlean Straitéiseach nua.
- Cheap an ÚAO Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua agus thosaigh an Dochtúir Graham Love sa phost i Márta 2017.

D'fháiltigh ag an ÚAO roimh cheapachán Mary Mitchell O'Connor T.D. mar Aire Stáit le freagracht speisialta as Ardoideachas. Beimid i dteagmháil leat agus leis an Aire Mitchell O'Connor maidir le cur i bhfeidhm roinnt phríomhthionscnamh lena n-áirítear;

- An Creat Feidhmíochta Córais nua do 2018-20 a chur i bhfeidhm.
- Moltaí an Fhórsa Tásca Inscne a bhunaigh an tAire Mitchell O'Connor a chur i bhfeidhm.
- Cur i bhfeidhm na Comhairle um Thaighde in Éirinn den Chlár Laureate nua a sheol tú féin agus an tAire Halligan níos luaithe i mbliana a chuireann ar fáil €29.6m chun tacú le taighde cheannródaíoch.
- Leanfaidh an ÚAO le páirt a ghlacadh sa chlár jabchruthúcháin atá mar phríomhthosaíocht ag an Rialtas tríd an gcár Springboard + agus tríd an gclár nua Printíseachta a chur i bhfeidhm go rathúil.
- Iarratais a dhéanamh chun stádas Ollscoil Teicneolaíochta a bhaint amach i ndiaidh na reachtaíochta a achtaíodh níos luaithe i mbliana agus leasuithe sa tírdhreach ardoideachais a chur i bhfeidhm.

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, ba mhian liom comhlíonadh an Údaráis den chód a thuairisciú, go háirithe i leith na n-ábhar seo a leanas:

- Níor tharla aon imeacht a raibh tábhacht tráchtála leis i rith na tréimhse tuarascála. Mar sin féin, tuigeann an tÚdarás go bhfuil cúrsaí geilleagrach athraithe, agus glacann sé go hiomlán leis na dúshláin a bhaineann leo, go háirithe trí fhéachaint le héifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach ina chuid oibriúchán féin.
- Níor tharla aon idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe.
- Deimhním gur cuireadh gach modh cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt shócmhainní i gcrích.
- Ba mhaith liom, ar son an Údaráis um Ard-Oideachas ár bhfreagracht a aithint maidir le cinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialuithe inmheánacha á choimeád agus á oibriú. Tá ráiteas faoin gcóras Rialuithe Inmheánacha san áireamh i gcuntais iniúchta airgid

cuntais do 2017 chomh maith le teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil seo.

- Ghlac an ÚAO leis an gcód maidir le dea-iompar gnó do Chomhaltaí an Údaráis agus dá fhostaithe.
- Cloíonn an ÚAO le treoirlínte íocaíochta an rialtais maidir leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a chuid fostaithe.
- Tá táillí na gcomhaltaí agus na tuarastail agus liúntais a n-íoctar leis an bhfoireann ag teacht leis na rátaí a cheadaigh an Roinn. Cuireann an ÚAO i bhfeidhm an ciorclán 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Níl aon teagmhas iarchláir comhardaithe le tuairisciú ag an ÚAO.
- Cloíonn an ÚAO le riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an gCód Caiteachais Leasaithe.
- Tá modhanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an ÚAO d'fhonn nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir S. 21 (1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Tá tuarascáil bhliantúil foilsithe mar a fhoráiltear faoi S. 22 (1) den Acht.
- Cloíonn an ÚAO go hiomlán le polasaí taistil an Rialtais.
- Tá a chuid dualgas faoin dlí cánach comhlíonta ag an ÚAO.
- Níl aon aighneas idir an ÚAO agus comhlachtaí eile stáit i láthair na huaire
- Tá an ÚAO ag déanamh gach is féidir leis chun a chinntiú go gcloífear le Cód Cleachtais 2016.
- Níl aon fhochuideachta ag obair faoi shainchúram an ÚAO.
- Cheadaigh an Bord an Ráiteas Rialachais chomh maith le Tuarascáil na gComhaltaí Boird.

Bheadh an ÚAO sásta aon soiléireacht bhreise a bheadh gá leis a chur ar fáil maidir le haon cheann de na nithe thuas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Annie Hoey Uasal a d'fhág an Bord le linn 2017.

D'fháiltigh an ÚAO roimh cheapachán an Dochtúir Deirdre Lillis agus an Dochtúir Ronan Lyons agus roimh athcheapachán an Dochtúir Bahram Bekhradnia agus an Dochtúir Jim Mountjoy ar Bhord an ÚAO le linn 2017.

Ba mhaith leis an ÚAO buíochas a ghabháil leis an Dochtúir Anne Looney a d'éirí as a post mar POF eatramhach i Márta 2017 nuair a ceapadh an Dochtúir Graham Love.

Gabhaimid buíochas freisin le ceannairí agus foirne na gcomhlachtaí ardoideachais ar fad, lena n-áirítear an ÚAO féin, as a dtiomantas agus a ndúthracht leanúnach do na straitéisí náisiúnta.

Táim féin, mar aon leis an Údarás agus an fheidhmeannacht, ag tnúth le bheith ag obair leat féin agus le do Roinn amach anseo d'fhonn leanúint leis an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais, Plean Gníomhaíochta na Roinne don Oideachas agus an Creat Feidhmíochta Córais, agus mórstraitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm.

Le gach dea ghuí,

Michael Horgan
Cathaoirleach

Clár Ábhair

1. Réamhrá 4

2. Maoiniú Agus Inbhuanaitheacht 5

3. Staitisticí 6

4. Forbairt Córais 7
- Rialachas 7
- Rialachas agus Cuntasacht san Ardoideachas 7
- Ollscoileanna Teicneolaíochta 8
- Comhpháirtíocht Fheabhsaithe le Fiontar 8

5. Taighde & Pleanáil Straitéiseach 9
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn 9
- An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama 9
- Digital First 9
- Pleanáil Straitéiseach 10
- Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Eile 10

6. Idirnáisiúnta 11
- Brexit 11

7. Cothromas Rochtana Ar Ardoideachas 12
- Grúpa Oibre ar Rath Mac Léinn 12
- Ciste an Chláir um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas (PATH) 12
- Athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas 12
- Scrúdú a dhéanamh ar cheist na dtacaíochtaí páirtaimseartha 12
- Plean Sonraí ar Rochtain 13
- Fóram Bliantúil 13
- Athbhreithniú lár téarma ar an bPlean Náisiúnta Rochtana 13
- Seachtain Feasacht ar an gColáiste 13
- Cóiríocht do Mhic Léinn 13

8. Údarás Agus Feidhmeannas An Úao 14

9. Tuarascáil an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Fhreagracht an Údaráis 15
- Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 17
- Ráiteas faoin gCóras Rialuithe Inmheánacha 23
- Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 25
- Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 26
- Ráiteas faoi Sheasamh Airgeadais 27
- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 28
- Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 29
- Achoimre ar na Deontais go léir a Íocadh 47

10. Sceideal 1 49

1. RÉAMHRÁ

Lean an tÚdarás um Ard-Oideachas de bheith ag tabhairt tosaíochta do na príomhspriocanna straitéiseacha seo a leanas i rith 2017:

- Córas ardoideachais atá chomh struchtúrtha agus is féidir agus a chuireann i gcrích éagsúlacht mhisin.
- Córas ardoideachais a fhreagraíonn do riachtanais shóisialta agus gheilleagracha; a chuireann céimithe le hardscileanna ar fáil; a thugann eispéireas ar ardchaighdeán do mhic léinn; agus atá inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de.
- Institiúidí ardoideachais a leagan amach agus a bhaineann amach caighdeán sarmhaith ó thaobh an rialachais, na feidhmíochta agus na freagrachta de.

Tá próiseas comhairliúcháin sonraithe déanta ag an ÚAO freisin a mbeidh foilseachán de Phlean Straitéiseach nua mar thoradh air in 2018.

De réir mar a bhí an geilleagar ag téarnamh, rinne an Stát roinnt infheistíocht bhreise san ardoideachas agus sa taighde, rud a bhfuil fáilte roimhe. Mar sin féin, de bharr easpa infheistíochta le blianta beaga anuas, chomh maith le fás leanúnach i líon na mac léinn, bhí an córas fós faoi bhrú mór chun torthaí sásúla a bhaint amach do mhic léinn agus don tsochaí. Tháinig laghdú 38%, ó €2bn in 2009 go €1.3bn in 2016, ar infheistíocht an Stáit san ardoideachas i rith na géarchéime eacnamaíochta. Is díol iontais é an chaoi ar éirigh le hinstitiúidí ardoideachais na hÉireann a bheith ag obair go héifeachtach sa chomhthéacs sin.

Mar a léiríonn an chairt a ghabhann leis seo, tháinig ardú ar líon na mac léinn lánaimseartha in institiúidí a bhí maoinithe ag an ÚAO le cúig bliana anuas (ó 2011/12 go 2015/16) ó 139,357 go 154,551 - is ionann sin agus ardú 11%. Mhéadaigh an méid iomlán mac léinn ó gach disciplín a chláraigh sa tréimhse chéanna ó 196,397 go 219,199 (+11.6%). Tá an ÚAO ag súil go leanfaidh an figiúir sin ag fás sna deich mbliana atá amach romhainn, mar gheall ar an méadú déimeagrafach atá tarlaithe i gcóras oideachais na hÉireann agus mar gheall ar an ról tábhachtach a bheidh le líonadh go leanúnach ag institiúidí ardoideachais i bhfoghlaim agus in uas-sciliú fadsaoil. Tá cothromas rochtana ar ardoideachas ina thosaíocht straitéiseach i gcónaí agus rinneadh maoiniú a leithdháileadh ar Ionaid Oideachais do Mhúinteoirí agus ar na Cnuasaigh Ardoideachais Réigiúnacha faoi thrí shraith de Chiste an Chláir Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas (Path).

I rith 2017, lean Coiste an Oireachtais um Oideachas ag plé mholtaí Thuarascáil Cassells ar mhaoiniú córais sa todhchaí. Tá an ÚAO ag tnúth go mór le toradh an phlé sin.

Rinne an ÚAO mórathbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte do mhaoiniú institiúidí Ardoideachais, agus thug sé a thuairisc i mí na Nollag. Cuirfidh an tsamhail seo cur chuige costála nua, seasmhach agus inchomparáide ar fáil, rud a chinnteoidh go n-aithneoidh an tsamhail mhaoinithe na spreagthaí costais iomlána agus éagúla atá ag institiúidí ardoideachais agus go dtabharfar aghaidh orthu dá bharr. Beidh an tsamhail mhaoinithe níos trédhearcaí, déanfar í a ailíniú níos fearr leis na riachtanais scileanna náisiúnta agus réigiúnacha, agus gheobhaidh Éire an toradh is fearr de réir mar a dhéanfar maoiniú méadaithe a infheistiú san ardoideachas.

I rith na bliana seo chomh maith, ceapadh Aire Stáit le freagracht speisialta as Ardoideachas, Mary Mitchell O'Connor, TD. Chuir an ÚAO fáilte roimh an gceapachán sin agus d'oibrigh sé go dlúth leis an Aire chun a chinntiú gur féidir córas ardoideachais den scoth a bhaint amach le chéile.

Maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn, cuireadh amach an chéad ghlao do ghradaim Laureate ar thaighde bhunúsach cheannródaíoch thar na disciplíní uile le linn na bliana. Ba chéim mhór chun cinn í sin do thaighde na hÉireann, agus is príomhghníomh de *Nuálaíocht 2020*é, straitéis na hÉireann don eolaíocht, teicneolaíocht, taighde agus forbairt.

Rinne an reachtaíocht atá pleanáilte d'ollscoileanna teicneolaíochta dul chun cinn i rith 2017, agus tá sí ag bogadh i dtreo an chéim achtaithe. Tabharfaidh an tAcht seo, nuair a chuirfear i bhfeidhm é, deis d'earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta iad féin a athrú ó bhonn.

ROLLUITHE FHORIOMLÁNA - 2011/12 GO 2015/16



2. MAOINIÚ AGUS INBHUANAITHEACHT

Tá sé d'uaillmhian ag an ÚAO tacú le córas ardoideachais a fhaigheann maoiniú inbhuanaithe ar bhonn feidhmíochta i leith torthaí náisiúnta comhaontaithe. Tá comhairle tugtha go minic ag an ÚAO don Aire Oideachais agus Scileanna maidir leis an ngá atá le straitéis maoinithe inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann mura chuirtear a leithéid de straitéis i bhfeidhm. Chuir an Grúpa Saineolaithe a raibh Peter Cassells ina chathaoirleach air béim ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an dúshlán seo.

Le linn 2017, rinne an ÚAO mórathbhreithniú ar an tsamhail a húsáidtear chun cistí a leithdháileadh ar institiúidí ardoideachais. Rinne Painéal neamhspleách Saineolaithe an *tAthbhreithniú ar an tsamhail leithdháilte um chistiú Institiúidí Ardoideachais* , faoi chathaoirleacht Brid Horan, iar-Leasphríomhoifigeach Feidhmiúcháin BSL. I measc na bpríomhmholtaí tá athchomhardú ar an meicníocht mhaoinithe chun costas chláir eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta nó matamaitice (STEM) a aithint agus chun tacú le córas ina bhfuil deiseanna d'fhoghlaim fadsaoil ann agus a thugann aghaidh ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar phatrúin athraitheacha in éilimh mac léinn.

Arís eile, cuireadh an chroí-fheidhm atá ag an ÚAO i gcrích go rathúil; a chinntiú go ndearnadh an t-airgead go léir a leithdháileadh go héifeachtúil.

Seo a leanas cuid de na príomhrudaí eile a baineadh amach in 2017:

- Rinneadh inmharthanacht Champas GMIT i gCaisleán an Bharraigh a dhaingniú agus déanfar meicníochtaí maoinithe don todhchaí a dhearadh chun tacú le campais satailíte.
- I nDeireadh Fómhair 2017, tugadh chun críche an Clár Rannpháirtíochta Poiblí agus Príobháideach san Ardoideachais (PPP) a seoladh i Samhain 2016. Tar éis phróiseas athbhreithnithe agus ghearrliostaithe a rinne an ÚAO agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, roghnaíodh 11 Institúid Teicneolaíochta le maoiniú a fháil faoi chlár ar fiú €200 milliún é, clár ina bhfuil dhá bheart PPP ann a chuirfidh foirgneamh nua ar fáil i ngach institiúid.

3. STAITISTICÍ

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna an ÚAO staitisticí a chur ar fáil faoin earnáil chun bonn eolais a chur faoi dhéanamh cinntí agus chun tacú le pleanáil atá bunaithe ar fhianaise. D'fhoilsigh an ÚAO sonraí rialta arís in 2017 ar líon na mac léinn agus ar an gcéad cheann scríbe a shroicheann céimithe naoi mí tar éis dóibh céim a bhaint amach.

Foilsíodh Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn (ISSE) 2017 i mí na Samhna. Is é seo an cúigiú bliain a rinneadh an suirbhé i 27 n-institiúid ardoideachais. Thug thart ar 36,000 mac léinn freagra ar shuirbhé 2017, rud a chuireann leis an tacar sonraí luachmhar seo faoi rannpháirtíocht mhic léinn ina dtimpeallacht foghlama. Táthar ag iarraidh torthaí an tsuirbhé a úsáid chun na hinsitiúidí a fheabhsú (do mhic léinn agus don fhoireann) agus chun bonn eolais a chur faoin bpolasaí náisiúnta.

Seo a leanas cuid de na pointí tábhachtacha a tháinig aníos:

- D'ardaigh an ráta freagartha ó 22.6% in 2016 go 27.2% in 2017.
- Rinneadh taifead ar na rudaí a feabhsaigh sna tásc-scóir in ocht gcinn den naoi n-innéacs.
- Déanann tuarascáil 2017 scrúdú níos doimhne ar eispéireas na mac léinn le hábhair STEM.

D'oibrigh an ÚAO i gcomhpháirtíocht leis an bPríomh-Oifig Staidrimh in 2017 chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar meántéarmach atá ag an ardoideachas ar dhaoine aonair. I measc na dtorthaí a fuarthas –

- Tuairiscíodh go raibh an leibhéal is mó fostaíochta a bhí ábhartha dá gcáilíocht ag céimithe san oideachas, sa ghnó & dlí agus sa TFC, trí bliana tar éis dóibh a gcéim a bhaint amach. Bhí feabhas suntasach tagtha ar mhic léinn innealtóireachta faoi 2014.
- Bhí an tuilleamh is airde ag céimithe i ndisciplíní na sláinte agus an ghnó tar éis bliain amháin in 2010. Faoin mbliain 2014, ba ag céimithe TFC a bhí an tuilleamh is airde.
- Bhí céimithe fir ag tuilleamh níos mó ná céimithe mná.
- D'ardaigh an difríocht airmheánach tuillimh idir céimithe agus iad siúd a bhain an Ardteistiméireacht amach idir 2006 agus 2015.

4. FORBAIRT CÓRAIS

Oibríonn an ÚAO chun a chinntiú go bhfuil córas comhtháite ardoideachais ag Éire atá struchtúrtha agus rialaithe chomh maith agus is féidir agus a chuireann i gcrích feidhmíocht fheabhsaithe chun na spriocanna náisiúnta atá socraithe ag an Rialtas a bhaint amach.

Tá an ÚAO ullamh anois chun tosú ar an gcéad bhabhta eile de na comhshocruithe feidhmíochta institiúideacha, tar éis don Aire Creat Feidhmíochta Córais nua a fhoilsiú in 2017. Cuimsíonn an creat nua roinnt mhaith táscairí feidhmíochta agus mar sin iarrfar ar institiúidí ardoideachais teimpléad cainníochtúil a chomhlánú chomh maith lena gcomhshocrú a chur isteach.

Bhain na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhrudaí a baineadh amach in 2017 leis na réimsí a ndéantar achoimre orthu thíos.

Rialachas

Tá an ÚAO ag cur roinnt ghníomhaíochtaí ar bun chun socruithe rialachais san earnáil ardoideachais a neartú, lena n-áirítear forbairt bhreise a dhéanamh ar an gCreat Rialachais don chóras Ardoideachais.

Áirítear leo sin:

- Riachtanais tuairiscithe rialachais bliantúla níos cuimsithí
- Meamraim airgeadais sínithe idir an ÚAO agus na hinstitiúidí á thabhairt isteach a leagann amach na freagrachtaí faoi seach atá acu
- Treoirlínte nua ar thráthúlacht tuairiscithe
- Tuairisciú rialta agus idirghabháil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Meicníocht nua cuntasachta agus riosca á cur i bhfeidhm leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

Chomh maith leis sin, bunaíodh clár nua d'athbhreithnithe leanúnacha chun nithe sonracha den rialachas a chumhdach. Bhain an chéad athbhreithniú leanúnach leis an soláthar agus rinneadh é in 2016. Cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin i láthair ag an gCruinniú Mullaigh um Sholáthar Ardoideachais a d'eagraigh an ÚAO agus an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais (EPS) agus a tharla i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mBealtaine 2017. Thug an cruinniú mullaigh príomhphearsanra laistigh d'institiúidí ardoideachais le chéile in éineacht leis an ÚAO, leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, le EPS agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an deachleachtas a roinnt, ceisteanna ar gá dul i ngleic leo a phlé, agus chun teacht ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige is fearr chun an cleachtas soláthair a fheabhsú don todhchaí. Rinne an dara hathbhreithniú leanúnach, ar cuireadh tús leis in 2017, scrúdú ar fheidhmiúchán an pholasaí Maoine Intleachtúla ar fud na hinsitiúidí ardoideachais. Thángthas ar chomhaontú go ndíreodh an chéad athbhreithniú eile ar íocaíochtaí agus ar shochair in earnáil an ardoideachais.

Chuir an ÚAO tús le dhá athbhreithniú suntasach ar ábhair éagsúla in Ollscoil Luimnigh agus in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Ceapadh athbhreithneoirí neamhspleácha: An Dochtúir Richard Thorn (a rinne athbhreithniú ar rialachas, Acmhainní Daonna agus cleachtais agus modhanna oibre airgeadais in Ollscoil Luimnigh) agus an tUasal Michael McLoone (a rinne athbhreithniú ar FeedHenry agus seach-chuideachtaí eile in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge).

D'fhoilsigh an ÚAO tuarascáil an Dochtúir Richard Thorn ar Ábhair agus Líomhaintí Áirithe a bhaineann le hOllscoil Luimnigh i mí na Samhna 2017. Fuair an tuarascáil 36 toradh agus tá 10 moladh le cur i bhfeidhm ag Ollscoil Luimnigh. Agus an t-athbhreithniú á choimisiniú acu, ghlac an ÚAO freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe agus as tuarascáil an Dochtúir Thorn a fháil. Cé gur ar an Ollscoil atá an fhreagracht na moltaí a chur i bhfeidhm, is é ról an ÚAO monatóireacht a dhéanamh ar an Ollscoil ina leith sin. Iarrtar ar Ollscoil Luimnigh tuarascálacha a chur isteach go ráithiúil ar chur i bhfeidhm na moltaí atá i dtuarascáil Thorn.

Rialachas agus Cuntasacht san Ardoideachas

Cinntíonn an ÚAO go bhfuil caidreamh rialachais/rialála cuí idir na hinstitiúidí ardoideachais agus an ÚAO a fhreagraíonn don sainordú atá acu agus a thugann aird ar neamhspleáchas na n-institiúidí. Leanann an ÚAO de bheith ag lorg cumhachtaí cuí breise chun aghaidh a thabhairt ar imnithe a d'fhéadfadh a theacht aníos maidir le rialachas.

I rith 2017,

- Glacadh le gach Ráiteas Rialachais institiúideach, rinneadh anailís orthu agus rinneadh an gníomh iomchuí sa chás inar aithníodh neamhchomhlíonadh
- Thuairiscigh an ÚAO don Roinn Oideachais agus Scileanna ar bhonn ráithiúil maidir le ceisteanna rialachais a d'eascraigh mar chuid den Chreat Rialachais fhoriomlán chomhaontaithe

Rinne an ÚAO idirbheartaíocht rathúil chun athnuachan a dhéanamh ar Chairt Athena SWAN in Éirinn, d'fhoilsigh sé Próifíl Foirne nuashonraithe de réir Inscne, agus chuir sé tacaíocht rúnaíochta ar fáil do Thascfhórsa Inscne na Roinne Oideachais agus Scileanna a bhunaigh an tAire Ardoideachais. Foilseoidh an Roinn plean gníomhaíochta in 2018 chun dlús a chur faoi dhul chun cinn na n-institiúidí maidir le aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas inscne.

Ollscoileanna Teicneolaíochta

Ní bhfuarthas aon iarratas le haghaidh stádas Ollscoil Teicneolaíochta (TU) a bhaint amach in 2017.

Comhpháirtíocht Fheabhsaithe le Fiontar

Réitíonn an ÚAO an bealach do chóras institiúidí ardoideachais a bhfuil baint dlúth acu lena gcuid réigiún agus le fiontar, trí threoir pholasaí agus comhphlé straitéiseach. Cinntíonn sé sin gur féidir a bheith ag súil le riachtanais scileanna agus taighde fiontair agus aghaidh a thabhairt orthu sa chaoi is go mbeidh na tacair scileanna cuí ag céimithe agus iad ag críochnú a gcuid ardoideachais le bheith éifeachtach sa láthair oibre.

Seo a leanas na príomhghníomhartha a cuireadh i gcrích agus na príomhrudaí a baineadh amach in 2017:

Rinne an ÚAO bainistíocht ar chur i bhfeidhm céimneach agus éifeachtach shamhlacha nua printíseachta sna hinstitiúidí ardoideachais. Chuimsigh siad sin 350 bloc printíseachta ceirde le os cionn 5,000 mac léinn ardoideachais. Ceadaíodh 22 clár nua printíseachta san iomlán bunaithe ar ardoideachas. Chuir an ÚAO €30m ar fáil do na hinstitiúidí i maoiniú do printíseachtaí in 2017, chomh maith le caipiteal de €8m.

Ba í 2017 an seachtú bliain inar ritheadh feachtas Springboard+ agus bhí 6,471 áit ar fáil i 208 gcúrsa a cuireadh ar fáil i 42 choláiste ar fud na tíre. Ba í seo an chéad bhliain a raibh Springboard+ ar fáil do chúramaithe baile. Bhí roinnt cúrsaí leibhéal 8 ar fáil freisin dóibh siúd a bhí ag cuardach poist nó ag iarraidh uas-sciliú a dhéanamh.

Tionóladh an Chomhdháil um Líonraí Idirghníomhacha Tionscail Ollscoile i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2017. Mheall an imeacht sin, a raibh sé mar aidhm aige idirghníomhaíocht a spreagadh idir institiúidí ardoideachais agus an tionscal, 500 toscaire idirnáisiúnta go hÉirinn agus bhí an ÚAO mar urraitheoir agus mar chomhpháirtí ann. Rinneadh ionadaíocht mhaith ar son ardoideachas agus taighde na hÉireann, agus thug na toscairí ard-mholadh don imeacht.

5. TAIGHDE & PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Tá taighde i gcroí-lár ghníomhaíochtaí an ÚAO agus na Comhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), gníomhaireacht ghaolmhar de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna a oibríonn faoi choimirce an Údaráis. Tharla rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach le Grúpa Ardleibhéil Nuálaíocht 2020 (HLG), le Grúpa Ardleibhéil H2020 agus leis an nGrúpa um Mholtaí do Thaighde Straitéiseach, agus bhí plé ag leibhéal na rannóige leis an nGrúpa Taighde Ardoideachais (HERG).

Tá an ÚAO ag cur comhordú ar réimsí áirithe polasaí taighde chun cinn ag leibhéal na rannóige. Cuimsíonn na réimsí polasaí tosaíochta amhail an Taighde Oscailte, a thugtar aghaidh air tríd an bhFóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte (NORF), agus an Bonneagar Taighde a thugtar aghaidh air trí mheán athbhreithnithe a dhéanamh ar ríomh-leabharlann Thaighde Éireann agus trí mheán uirlisí Anailíse Bhibliméadrachta ar mhaithe le héifeachtúlachtaí a bhaint amach sa chóras agus chun bearnaí nó constaicí a aithint a chuireann bac ar riachtanais an AE a chomhlíonadh. D'fhoilsigh an ÚAO Bileog Eolais don Oideachas Iarchéime agus tá sé ag obair go dlúth le Cumann na Mac Léinn maidir le Oideachas Dochtúireachta in Éirinn.

Sheol an ÚAO an comórtas 'Making an Impact' do thaighdeoirí na hÉireann arís agus bhí an-rath air. Is í seo an naoú bliain a bhfuil an comórtas ar bun, agus é á rith i gcomhar leis an Irish Independent.

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Rinne an Chomhairle um Thaighde in Éirinn maoirseacht ar leithdháileadh €34m ón Státchiste chomh maith le €4.2m eile a fuarthas ó fhoinsí eile, an tAontas Eorpach san áireamh. Rinne an Chomhairle bainistíocht ar 1,720 gradam cistiúcháin le linn 2017, gradaim a bhain leis na disciplíní agus gráid gairme ar fad. Chuimsigh siad sin 1,181 ghradam iarchéime agus 362 ghradam taighde iardhochtúireachta. Seo a leanas cuid de na príomhfhorbairtí a tharla i rith na bliana:

- Osclaíodh an chéad ghlao faoi ghradaim Laureate na Comhairle um Thaighde in Éirinn do thaighde bhunúsach cheannródaíoch. D'fháiltigh an chéad ghlao roimh mholtaí taighde sa ghráid ghairme 'Tosaithe' agus 'Comhdhlúthaitheoir'. Cuirfidh na gradaim Laureate feabhas ar chumas iomaíochta idirnáisiúnta taighdeoirí den scoth agus cuirfidh siad feabhas ar chumas Éire Deontais de chuid na Comhairle Eorpach um Thaighde a bhaint amach
- Foráladh i mBuiséad 2018 do ghlao eile faoi na gradaim Laureate, rud a chuimsíonn deontais ag an Ardghrád gairme suas go dtí €1m, na forchostais san áireamh
- Athnuachan den chomhaontú le Cumann Ollscoileanna na hÉireann maidir le hoibríocht chomhpháirteach Ghníomhaíochtaí Marie Sklodowska Curie na hÉireann (MSCA), comhaontú a fhaigheann maoiniú ón gComhairle. Is é MSCA an tionscadal a tharraing anuas an méid is mó maoinithe d'Éirinn faoi Horizon 2020 go dtí seo
- Eagraíodh mórimeacht i mí na Nollag 2017 chun cúig bliana déag de Chomhairlí Taighde na hÉireann a chomóradh. Tugadh tacaíocht do bheagnach 8,000 taighdeoirí i ngach disciplín agus ag gach grád gairme chun taighde den chéad scoth a dhéanamh. Mar chuid den imeacht bhronn an Chomhairle an chéad ghradam Taighdeoir na Bliana riamh
- Fógraíodh roinnt ghradam a mhaoinigh an Chomhairle faoin gcomhpháirtíocht a raibh an Bord Taighde Sláinte (HRB) i gceannas air, comhpháirtíocht a bhaineann le rannpháirtíocht othar agus an phobail i dtaighde sláinte (PPI Ignite)
- D'fhógair an tAire Stáit John Halligan TD Glao taighde inscne trasnáisiúnta €10.6 milliún a ndearna trí thír déag agus an Coimisiún Eorpach comh-mhaoiniú air faoin gclár Gender-Net Plus ERA-Net. Tá an Chomhairle ag cur €600k ar fáil don Ghlao seo thar ceann na hÉireann.

An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama

Tar éis don Fhóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama athbhreithniú saineolach neamhspleách a dhéanamh, cheadaigh an ÚAO maoiniú il-bhliantúil don fhóram thar na ceithre bliana atá amach romhainn. Chuir an t-athbhreithniú béim ar an dul chun cinn a rinne an Fóram le linn chéad chéim an mhaoinithe agus mhol sé go mba chóir do chéim a dó díriú ar réimsí áirithe nirt, lena n-áirítear: an Creat Forbartha Gairmiúil, tógáil ar chumas digiteach, anailísíocht a fhoghlaim ar mhaithe le rath mac léinn, agus na glaonna a bhaineann go sonrach le disciplín.

Digital First

Rinneadh athdhearadh ar shraith shuíomhanna gréasáin an ÚAO in 2017 agus cuireadh suíomhanna gréasáin feabhsaithe nua i bhfeidhm i mí Meithimh. Tháinig ardú d'os cionn 50% ar an méid daoine a d'úsáid an suíomh sa dara leath den bhliain i gcomparáid leis an gcéad leath. Bhí tábhacht níos mó ag straitéis an ÚAO foilsiú 'go digiteach ar dtús' agus níor táirgeadh an oiread foilseacháin i gcló; ina ionad sin, aistríodh go leor foilseachán chuig réitigh bunaithe ar an ngréasán. I mí Eanáir, den chéad uair riamh, bhí 5,000 de lucht leanúna Twitter ag ÚAO.

Chuir an ÚAO tús freisin leis an bpróiseas chun na sonraí ar fad a aistriú chuig an néal chomh maith le nuashonrú suntasach a dhéanamh ar áiseanna físchomhdhála inmheánacha.

Pleanáil Straitéiseach

Chuir an ÚAO clár cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i gcrích i rith 2017 mar chuid den fhorbairt a rinne sé ar phlean straitéiseach nua. Chuidigh cruinnithe aghaidh ar aghaidh, aighneachtaí scríofa agus imeachtaí an Fhóraim Look Forward le cur le chéile Dhréachtphlean Straitéisigh a cheadaigh an tÚdarás agus a cuireadh faoi bhráid an Aire. Tiocfaidh an Plean Straitéiseach i bhfeidhm in 2018.

Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Eile

Leanann an ÚAO de bheith ag oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí eile Rialtais chun an córas oideachais agus taighde a fhorbairt. Tá tús curtha leis an obair chun Meabhráin Tuisceana a fhorbairt le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus le Solas.

6. IDIRNÁISIÚNTA

Is é an ÚAO an ghníomhaireacht náisiúnta don chlár Erasmus+, clár trína chuireann Éire fáilte roimh os cionn 7,000 mac léinn ón Eoraip gach bliain, agus trína thugtar tacaíocht d'os cionn 3,500 mac léinn Éireannach a théann thar lear chun staidéir a dhéanamh nó ar shocrúchán.

Seoladh clár nua um Shoghluaiseacht Acadúil de chuid Rialtas na hÉireann (GOI- AM) in 2017, clár a fuair 125 iarratas agus a rinne maoiniú thart ar €481,000 a leithdháileadh ar 51 thionscadal a bhain le 17 n-institiúid ardoideachais a bhí i gcomhpháirtíocht le 21 thír.

Rinneadh athbhreithniú ar chlár Scoláireacht Oideachais Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann (GOHES) agus táthar ag súil leis go seolfar é in 2018 ag baint úsáid as leagan amach nua a chuirfidh ar chumas mhic léinn a bhfuil suim acu ann iarratas a sheoladh díreach chuig an ÚAO.

D'fhoilsigh an Rialtas Straitéis do Theangacha Iasachta i mí na Samhna, a ghlac an ÚAO páirt ann. Ag eascairt as seo, tá roinnt freagrachtaí ag an ÚAO daoine a spreagadh chun spéis a chur i dteangach iasachta agus na teangacha sin a chleachtadh.

Eagraíodh comhdháil chomhpháirteach idir an ÚAO-QQI in 2017 chun an tionchar an Idirnáisiúnú ar chaighdeán Ardoideachas na hÉireann a phlé.

Ghlac an Ghníomhaireacht Náisiúnta (NA) Erasmus+, atá mar chuid den ÚAO, páirt i réimse imeachtaí a eagraíodh ag an leibhéal Eorpach agus Náisiúnta chun 30 bliain den tionscnamh staidéir is mó ar domhan thar lear a chomóradh. I measc na himeachtaí sin, tharla mórimeachtaí promóisin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus i lár Chathair Bhaile Átha Cliath; forlíonadh de chuid an Irish Independent; rannpháirtíocht sa Chomórtas Náisiúnta Treabhadóireachta; agus tionscadal faoin oideachas faoin spéir le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinne an NA 4,320 soghluaiseacht mac léinn agus foirne a leithdháileadh in 2017 - an líon is airde ó cuireadh tús leis an gclár i 1987.

Brexit

I rith 2017, lean an ÚAO ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh teacht as cinneadh na Breataine an tAontas Eorpach a fhágáil. Rinneadh tagairt forleathan do pháipéar a d'fhoilsigh an ÚAO i Samhain 2016 faoi na dúshláin a bhaineann le deiseanna a chruthú d'Éire, agus d'oibrigh an ÚAO ar cheisteanna a bhain le Brexit i roinnt fóram, lena n-áirítear Acadamh Ríoga na hÉireann agus Comhlachas Tráchtála na Breataine-na hÉireann. Tionóladh an dara cruinniú comhchéime le ceannairí institiúidí ardoideachais ar an 5ú Deireadh Fómhair 2017.

7. COTHROMAS ROCHTANA AR ARDOIDEACHAS

Trí pholasaithe a threorú agus plé a dhéanamh, éascaíonn an ÚAO forbairt chóras ardoideachais a bhfuil an cothromas ó thaobh deiseanna mar chomhartha sóirt aige, córas atá inrochtana agus ina bhfuil sé furasta aistriú agus dul chun cinn a dhéanamh; agus a bhfuil modhanna foghlama solúbtha aige atá comhtháite go maith sa chóras ardoideachais.

Is cuid de gach cruinniú idirphlé straitéiseach a tharlaíonn leis na hinstitiúidí ar fad an cothromas rochtana, na spriocanna agus pleananna institiúideacha agus déantar iad a chur san áireamh i gcinntí a bhaineann le maoiniú feidhmíochta.

Grúpa Oibre ar Rath Mac Léinn

Bunaíodh an Grúpa Oibre ar Rath Mac Léinn chun aghaidh a thabhairt ar cheist an easpa dul chun cinn agus an easpa críochnaithe san ardoideachas, go háirithe i measc spriocghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht sa chóras ardoideachais. Ag díriú ar chúinsí a mbíonn tionchar acu ar rath mac léinn, rinne an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus Foghlama cleachtadh scóipe thar trí lá ina raibh 30 rannpháirtí páirteach ann chun pacáistí oibre a aithint a raibh gá leo chun dul i ngleic le ceist na rathúlachta mac léinn sna spriocghrúpaí. Chuir taighde an Fhóraim Náisiúnta agus an cleachtadh scóipe araon bonn eolais faoi fhorbairt na moltaí ar bhearta nua chun tacú le rath mic léinn.

Cuimsíonn na bearta sin:

- Tionscnamh um Rath Mac léinn atá Cumasaithe ag Sonraí (DESSI): Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo tacaíocht agus treoir eolasach a chur ar fáil d'institiúidí ardoideachais chun a gcumas chun sonraí mac léinn a úsáid le tacú le foghlaimeoirí agus le foghlaim a chíoradh nó a fhorbairt.
- Pleananna chun Staidéar Fadaimseartha ar Choinneáil mhac léinn ag Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 sna hInstitiúidí Teicneolaíochta a dhéanamh: Cuirfidh tuiscint níos fearr ar na tosca cinntitheacha ar chumas institiúidí ardoideachais tacaíochtaí cuí agus freagrúla a sholáthar do mhic léinn chun feabhas a chur ar a ndul chun cinn.
- Pleananna chun seimineár a reáchtáil ar fhorbairt Straitéise do Rath Mhic Léinn chun tacaíocht a thabhairt d'insitiúidí ardoideachais an riachtanas atá sa Chreat Feidhmíochta Córais 2018-2020 a chomhlíonadh, riachtanas a éilíonn ar gach institiúid Straitéis do Rath Mhic Léinn a chur i bhfeidhm roimh 2020 ionas go mbeidh nósanna imeachta maidir le rochtain fite fuaite i nósanna imeachta gach institiúid ina hiomlán.

Ciste an Chláir um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas (PATH)

Cuireann PATH maoiniú tiomnaithe ar fáil do mhic léinn ó na spriocghrúpaí chun tacú le rochtain ar ardoideachas ag leibhéal chnuasach réigiúnaigh. Déanann an ÚAO bainistíocht ar an gCiste, a bhfuil thart ar €16.5 milliún ann thar thrí bliana, thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Chuir an ÚAO tús le trí shnáithe maoinithe PATH a chur i bhfeidhm in 2017, tar éis moltaí a fuarthas ó na cnuasaigh réigiúnacha agus ó na lárionaid oideachais do mhúinteoirí a mheas.

- PATH 1: Cothromas Rochtana ar Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí - ag tacú le réimse tionscnamh agus comhpháirtíochtaí nua chun rannpháirtíocht mac léinn ó na spriocghrúpaí san oiliúint tosaigh do mhúinteoirí a spreagadh.
- PATH 2: Ciste Sparánachta 1916 - cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do mhic léinn a mheastar go bhfuil siad ar an dream is mó atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch ó na spriocghrúpaí atá ag déanamh staidéir ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha. Tá tuismitheoirí aonaracha agus mionlaigh eitneacha ina spriocghrúpaí don chiste sin freisin.
- PATH 3: An Ciste um Rochtain ar Ardoideachas - tacaíonn sé le straitéisí comhpháirtíochta réigiúnacha agus pobail a fhorbairt chun go mbeidh rochtain níos fearr ar an ardoideachas ag na spriocghrúpaí. Tá sé i gceist ag an gciste seo tacú le cnuasaigh réigiúnacha institiúidí ardoideachais chun 2,000 mac léinn breise (lánaimseartha nó páirtaimseartha) a mhealladh ó ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht san ardoideachas faoi láthair agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht do na mic léinn sin a gcuid staidéir a chríochnú.

Athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Foilsíodh an t-athbhreithniú seo ar an 27 Deireadh Fómhair 2017. Bunófar grúpa cur chun feidhme chun moltaí na tuarascála seo a chur chun cinn. Tá sé sin faoi threoir Aonad Maoinithe Córais ÚAO.

Scrúdú a dhéanamh ar cheist na dtacaíochtaí páirtaimseartha

Leathnaíodh Ciste Cabhrach na Mac Léinn (SAF) in 2017 chun tacú le mic léinn pháirtaimseartha ar thuismitheoirí aonaracha iad agus le spriocghrúpaí eile. Táthar ag cur €3m san iomlán leis an SAF atá imfhálaithe thar na trí bliana amach romhainn chun tacú le rannpháirtíocht pháirtaimseartha na ngrúpaí sin.

Plean Sonraí ar Rochtain

Fostaíodh sainchomhairleoir (Trutz Haase) chun Plean Sonraí ar Rochtain a fhorbairt agus bunaíodh Grúpa Stiúrtha, ar a bhfuil an ÚAO, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Pat Clancy (a bhí freagrach as obair a rinneadh cheana sa réimse sin).

Fóram Bliantúil

Tionóladh an chéad Fhóram bhliantúil ar Rochtain in Eanáir 2017. Tugann an Fóram deis dúinn an dul chun cinn atá déanta i bhfeidhmiú an Phlean Náisiúnta Rochtana a chur in iúl do pháirtithe leasmhara, aiseolas a fháil uathu, agus glacadh le tuairimí i dtaobh obair na bliana 2017.

Athbhreithniú lár téarma ar an bPlean Náisiúnta Rochtana

Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta Rochtana in 2017 agus táthar ag súil len é a chríochnú in 2018.

Seachtain Feasacht ar an gColáiste

Rinne an ÚAO athbhreithniú a choimisiúnú ar an tSeachtain Feasacht ar an gColáiste i ráithe deiridh 2017. Tá sainchomhairleoir i dteagmháil le páirtithe leasmhara cuí agus cuirfidh sé/sí na torthaí ar fáil go luath in 2018.

Cóiríocht do Mhic Léinn

Tá an ghéarchéim leanúnach tithíochta ag cur isteach go mór ar na roghanna cóiríochta atá ann do mhic léinn. Tá ionadaíocht ag an ÚAO ar ghrúpa oibre idir-rannach atá ag iarraidh réiteach a fháil ar an dúshlán seo agus, i rith 2017, lean an ÚAO de bheith ag cur sonraí ar fáil maidir le cóiríocht nua do mhic léinn agus maidir le cóiríocht atá ann cheana.

8. ÚDARÁS AGUS FEIDHMEANNAS AN ÚAO

Is é Feidhmeannas an ÚAO a chuireann i gcrích an clár oibre atá comhaontaithe ag an Údarás. Seo a leanas na príomhghíomhaíochtaí a cuireadh i gcrích agus na príomhrudaí a baineadh amach in 2017:

- Cheadaigh an tÚdarás plean oibre 2017 ag a gcruinniú in Eanáir 2017. Rinne an tÚdarás tuarascáil lár bliana agus tuarascáil dheiridh bliana ar fheidhmiú a mheas ina dhiaidh sin.
- Cuireadh Comhaontú Seirbhíse do 2017 i gcrích leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Cheadaigh an tÚdarás plean straitéiseach nua. Cuireadh an plean faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna chun a thuairimí a fháil, de réir alt. 1.18 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, agus foilseofar é in 2018.
- Fuair an tÚdarás tuairisc ar chomhlíonadh Chóid 2016 ag a chruinniú i Meán Fómhair 2017.
- Ceadaíodh dréachtchuntais 2017 faoi réir iniúchadh an Údaráis i Márta 2018.

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Tuairim ar ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 mar a éilíonn forálacha Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leis, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntais suntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.*

Bonn na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (ISAnna) á fhogairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá agam faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuarthas dóthanach agus cuí chun bonn a chur le mo chuid tuairimí.

Tuairisc ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha ar fáil ag an Údarás in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, an ráiteas ar rialuithe inmheánacha agus tábla a dhéanann achoimre ar dheontais a íocadh i rith na bliana. Tá cur síos déanta in aguisín na tuarascála seo ar na freagrachtaí atá agam tuairisc a thabhairt maidir le heolas den chineál sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtugann mé tuairisc go heisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2018

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Leagann ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird amach freagrachtaí na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as

- Ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971
- A chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cóir de réir FRS102
- Rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- A mheas an bhfuil an chaoi a n-úsáidtear bonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta cuí, agus
- Aon rialú inmheánach a chinneann siad a bheith riachtanach chun a chur ar a gcumas ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide é.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus tuairisc a thabhairt ina leith sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaíochta é an dearbhú réasúnach, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna aon mhíráiteas ábhartha nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadfaí a cheapadh go réasúnach go mbeadh tionchar acu, go leithleach nó i dteaglaim, ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí nuair a ghlactar cinntí bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

I rith na hiniúchta a dhéanaim de réir na ISAnna, déanaim breithiúnais atá sceiptiúil agus gairmiúil. Agus mé á dhéanamh,

- Aithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé an de bharr calaoise nó de bharr earráide iad; dearaim agus cuirim i bhfeidhm modhanna oibre a fhreagraíonn do na rioscaí seo; agus faighim eolas iniúchta atá dóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le neamh-bhraith mhíráitis ábhartha a thagann ó chalaois níos airde ná an riosca a bhaineann le hearráid, mar go bhféadfadh baint a bheith ag claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó scoitheadh rialú inmheánaigh a bheith i gceist i gcás na calaoise.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna oibre iniúchta atá cuí sna cúinsí sin a dhearadh, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialaithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a húsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaithe a bhaineann leo a mheas.
- Tugaim breithiúnas ar oiriúnacht bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfhianaise iniúchta a fuarthas, tugaim breithiúnas ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó le cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thugaim mo bhreithiúnas go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé mar dhualgas orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar na nochtuithe a bhaineann leis sna ráitis airgeadais nó má tá na nochtuithe sin uireasach, mionathrú a chur ar mo thuairim. Tá mo bhreithiúnas bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfadh críoch leis an Údarás mar ghnóthas leantaigh mar thoradh ar theagmhais nó ar chúinsí a tharlóidh amach anseo.
- Déanaim léiriú, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, a mheas, agus tugaim breithiúnas ar cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na teagmhais ar bhealach a thugann léiriú cóir, nó nach léiríonn.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu, maidir le, i measc rudaí eile, scóip agus tráthúlacht phleanáilte na hiniúchta agus maidir le torthaí suntasachta iniúchta, lena n-áirítear aon easpa suntasach sa rialú inmheánach a aithním le linn mo chuid iniúchta. I.

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon bhreithiúnas dearbhaíochta ina leith.

Maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a chuirtear ar fáil a léamh, agus a mheas agus, nuair a bhíonn sé sin á dhéanamh agam, breithiúnas a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhsheasmhach go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn na hiniúchta, nó an cosúil go bhfuil míráiteas ábhartha bunúsach ann. Más rud é go ndéanaim breithiúnas, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo, tá sé de chúram agam é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena gcuid bainistíochta agus a n-oibriúchán. Tuairiscím má bhaineann aon ábhair ábhartha leis an mbealach a ndearnadh an gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht idirbhearta airgeadais i rith na hiniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann ina mbíonn airgead poiblí á úsáid do chuspóirí nár ceapadh dó nó mura bhfuil idirbhearta a gcur i bhfeidhm de réir na n-údarás atá á rialú.

Tuairiscím freisin de réir eisceachta i mo thuairim, mura,

- Bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a raibh gá agam leo chun an t-iniúchadh a chur i gcrích, nó
- Mura raibh na taifid cuntasaíochta dóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- Mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 3 den Acht sin; tugadh feidhmeanna breise don ÚAO faoi Acht na nOllscoileanna, 1997 agus faoi Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006. Tá an Bord freagrach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sé de fhreagracht air rialachas maith a chinntiú agus cuireann sé an tásc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsir atá an fhreagracht maidir leis an mbainistíocht, rialú agus treoir rialta ó lá go lá. Caithfidh an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsir an treoir straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird ar fad ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann. [1] Gníomhaíonn an POF mar theagmháil dhíreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis um Ard-Oideachas.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i

- Téarmaí Tagartha Bhord ÚAO
- Cód Iompair Chomhaltaí an Bhoird
- Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta a bhfuil ábhair atá forchoimeádta go speisialta do chinneadh an Bhoird iontu freisin.

Ar na míreanna seasta a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasaithe,
- tuairiscí ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- seisiúin do comhaltaí amháin
- tuairiscí feidhmíochta

Éilíonn Alt 20 d'Acht an ÚAO, 1971 ar Bhord an ÚAO na taifid go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fuarthas agus a caitheadh a choimeád, i bhfoirm ata formheasta ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Éilítear ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas, agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais sin:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag obair, agus
- cuir in iúl cibé ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin cuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míniodh sna ráitis airgeadais.

Tá sé de fhreagracht ar an mBord taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil, a nochtann a staid airgeadais, le cruinneas réasúnach ag aon am ar leith, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20 den Sceideal a ghabhann le hAcht an ÚAO, 1971. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas an eolais chorparáide agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚAO.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnacht ar fheidhmíocht an ÚAO trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad ar an 27ú Márta 2018.

Tá sé de fhreagracht freisin ar an mBord a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an ÚAO léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas ar an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird: Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach, Leaschathaoirleach agus triúr déag gnáth-chomhaltaí, agus ceapann an Rialtas gach duine díobh de réir mholadh an Aire Oideachais agus Scileanna. Ceapadh comhaltaí an Bhoird do thréimhse cúig bliana agus tagann siad le chéile faoi dhó sa mhí. Sonraíonn an tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha.

1 Cód Cleachtais (Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) 1.3 - cuimseoidh na ráitis airgeadais ráiteas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Bord, lena n-áirítear na cineálacha cinntí a bheidh le glacadh ag an mBord agus a bheidh le tarmligean don bhainistíocht.

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Michael Horgan	Cathaoirleach	27 Iúil 2016
Sharon Feeney	Leaschathaoirleach[2]	27 Iúil 2016
Orla Feely	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Lynn Ramsey	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
John Wall	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Tony Donohoe	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Judith Eaton	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Darina Kneafsey	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Sinéad O'Flanagan	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Pól Ó'Móráin	Gnáth Chomhalta	27 Iúil 2016
Bahram Bekhradnia	Gnáth Chomhalta	27 Meitheamh 2017
Jim Mountjoy	Gnáth Chomhalta	27 Meitheamh 2017
Michael Kerrigan[3]	Gnáth Chomhalta	1 Iúil 2017
Deirdre Lillis	Gnáth Chomhalta	27 Samhain 2017
Ronan Lyons	Gnáth Chomhalta	27 Samhain 2017

Chuir an Bord tús le cleachtas féinmheasúnaithe i mí Lúnasa 2017 agus rinne sé na fionnachtana a mheas ag a chruinniú a reáchtáladh i mí Eanáir 2018.[4]

Tá Coistíbunaitheag an mBordmar seo a leanas:

1. **An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca**[5]: tá seisear comhaltaí Boird air agus aon chomhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí maidir le ceisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus ráthaíocht bhainteach. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

   Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca: Sharon Feeney (Cathaoirleach), Michael Kerrigan, Deirdre Lillis, Jim Mountjoy, Sinéad O'Flanagan agus Pól Ó'Móráin. Cheap an Bord comhalta breise nach comhalta boird iad ag a bhfuil cúlra sa chuntasaíocht, Ms Anne Brady ag a chruinniú i mí na Samhna 2017. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC i 2017.

2 Ceapadh Leaschathaoirleach 27 Márta 2018

3 Ceaptha le haghaidh na tréimhse a bhfuil sé i mbun a róil mar Uachtarán USI

4 Cód Cleachtais 4.6 – ba cheart don Bhord measúnú bliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a chuid coistí. Ba cheart measúnú seachtrach i gcomhréir le méid agus riachtanais an chomhlacht Stáit a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad.

5 Cód Cleachtais 7.2 – Caithfidh comhlachtaí Stáit Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a bhunú chun tuairim neamhspleách a thabhairt maidir le rioscaí agus le córais bhainistithe rioscaí.

2. **An Coiste Airgeadais agus Rialachais**: tá seisear comhaltaí Boird air agus beirt chomhaltaí nach comhaltaí boird iad. Is é príomhról an Choiste ná athbhreithniú a dhéanamh ar na leithdháiltí beartaithe um dheontais athfhillteacha agus rochtana do na hOllscoileanna, na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus do chomhlachtaí eile arna maoiniú ag an Údarás agus moltaí a dhéanamh ina leith, i dteannta leis na leithdháiltí cistithe faoi roinnt clár breise lena n-áirítear maoiniú feidhmíochta. Is iad seo comhaltaí an choiste: Michael Horgan (Cathaoirleach), Bahram Bekhradnia, Judith Eaton, Darina Kneafsey, Michael Kerrigan agus Jim Mountjoy. Is iad an bheirt chomhaltaí nach comhaltaí boird iad ná Anne Brady agus Joe Heavey. Cheap sé an tUas. Michael O' Connell mar chomhairleoir speisialta freisin. Eagraíodh sé chruinniú den Choiste Airgeadais agus Rialachais in 2017.
3. **An Coiste um Fhorbairt Córas agus Bainistíocht Feidhmíochta:** tá deichniúr comhaltaí Boird air. Is é ról an Choiste um Fhorbairt Córas agus Bainistíocht Feidhmíochta (FCBF) ná tacú leis an mBord chun maoirseacht a dhéanamh ar chóras comhordaithe d'institiúidí ardoideachais, agus misin soiléire, éagsúlaithe ag gach ceann acu agus béim mhór curtha ar thorthaí agus chistiú don fheidhmíocht. Is iad seo comhaltaí an choiste: An tUas. Tony Donohue (Cathaoirleach), Michael Horgan, Jim Mountjoy, Darina Kneafsey, Sharon Feeney, Bahram Bekhradnia, Lynn Ramsey, Sinead O'Flanagan, Ronan Lyons agus John Wall. Eagraíodh ceithre chruinniú den FCBF in 2017.
4. **An Coiste Beartais agus Pleanála:** tá naonúr comhaltaí Boird air. Is é ról an Choiste Beartais agus Pleanála ná anailís agus comhairle oibiachtúil a sholáthar i dtaobh shaincheisteanna ardoideachas, saincheisteanna tábhachtacha beartais agus ceannaireachta san ardoideachas – idir saincheisteanna reatha agus fadtéarmacha – a aithint in Éirinn agus ar fud an domhain. Agus é ag tabhairt faoin anailís beartais sin, is é cuspóir an Choiste ná an t-ardoideachas in Éirinn, mar aon le freagrúlacht an phobail, a fheabhsú, trí thimpeallacht beartais a chruthú a bhfuil bonn eolais níos fearr faoi, agus trí fhreagraí praiticiúla a fhorbairt ar na saincheisteanna atá os comhair cheannairí institiúidí ardoideachais agus gníomhaireachtaí poiblí. Is iad seo comhaltaí an choiste: Darina Kneafsey (Cathaoirleach), Judith Eaton, Orla Feely, Pol O'Morain, John Wall, Sharon Feeney, Lynn Ramsey, Bahram Bekhradnia agus Ronan Lyons. Bhí aon chruinniú amháin ag an gCoiste Beartais agus Pleanála in 2017.
5. **An Coiste Taighde agus Oideachas Céimí:** tá seisear Comhaltaí Boird ÚAO air agus triúr comhaltaí ón gComhairle um Thaighde in Éirinn air. Is é cuspóir an Choiste ná comhtháite beartais a chinntiú idir an ÚAO agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, dréachtráiteas beartais agus comhairle a ullmhú ar gach gné den taighde agus den oideachas céimí, maoirseacht a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt don Údarás agus don Chomhairle ar chur i bhfeidhm beartais ar thaighde agus oideachas céimí ag an gcóras ardoideachais agus institiúidí baill agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh bheartais ábhartha arna gcur isteach ag an Údarás nó an Chomhairle. Is iad seo comhaltaí an choiste: Orla Feely (Cathaoirleach HEA), Jane Ohlmeyer (IRC), Felicity Kelliher (IRC), Michael Kerrigan (HEA), Sinead O'Flanagan (HEA), John Wall (HEA), Deirdre Lillis (HEA), Ronan Lyons (HEA) agus Alan Smeaton (IRC). Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Taighde agus Oideachas Céimí i 2017.
6. **An Coiste um Achomhairc Phinsin: tá ceathrar comhaltaí Boird ón ÚAO air.** is iad seo comhaltaí an choiste: Michael Horgan (Cathaoirleach), Bahram Bekhradnia, John Wall agus Michael Kerrigan. Bunaíodh an Coiste seo in 2012 chun feidhm reachtúil a chomhlíonadh a sannadh don ÚAO, is é sin achomhairc phinsin a mheas a chuirtear isteach ag foireann na hOllscoile faoi sceideal 5 d'Acht na n-Ollscoileanna. Tugtar cinneadh an ÚAO faoi na hachomhairc sin le cead an Aire Oideachais & Eolaíochta & an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Ní bhíonn cruinniú ag an gCoiste ach má dhéantar achomharc pinsin. Bhí aon chruinniú amháin ag an gCoiste um Achomhairc Phinsin i 2017.

Sceideal an Fhreastail, na dTáillí agus na Speansas

Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2017, agus na táillí agus na speansais arna bhfáil ag gach comhalta:

	AN BORD	AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT & RIOSCA	AN COISTE AIRGEADAIS AGUS RIALACHAIS	AN COISTE UM FHORBAIRT CÓRAS AGUS BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA	AN COISTE BEARTAIS AGUS PLEANÁLA	AN COISTE TAIGHDE AGUS OIDEACHAS CÉIMÍ	AN COISTE UM ACHOMHAIRC PHINSIN	TÁILLÍ 2017	SPEANSAIS 2017
Líon na gcruinnithe	6	4	6	4	1	2	1	€	€
Michael Horgan – Cathaoirleach	6/6	n/a	6/6	n/a	n/a	n/a	1/1	11,970	601
Bahram Bekhradnia	3/3	n/a	3/4	1/1	n/a	n/a	1/1	4,489	3,800
Orla Feely	6/6	n/a	n/a	n/a	1/1	2/2	n/a	0	0
Mary Canning	1/1	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	641	0
Sinead O'Flanagan	6/6	4/4	n/a	4/4	n/a	2/2	n/a	7,695	546
Michael Kerrigan	2/3	1/2	3/4	n/a	n/a	1/1	1/1	3,848	0
Deirdre Lillis	0/0	0/0	n/a	n/a	n/a	0/0	n/a	0	0
Ronan Lyons	0/0	n/a	n/a	0/0	n/a	0/0	n/a	0	0
Brian Thornes	0/1	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	641	0
Jim Mountjoy	3/3	2/4	4/4	2/2	n/a	n/a	n/a	4,489	0
Gordon Ryan	0/1	0/0	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	0	0
Lynn Ramsey	5/6	n/a	n/a	4/4	0/1	n/a	n/a	0	2,580
John Wall	6/6	n/a	n/a	4/4	1/1	1/1	1/1	0	0
Declan Walsh	1/1	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	0	379
Siobhan Harkin	1/1	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	0	0
Sharon Feeney	6/6	4/4	n/a	4/4	0/1	n/a	n/a	0	0
Tony Donohoe	6/6	n/a	n/a	4/4	n/a	n/a	n/a	7,695	41
Judith Eaton	3/6	n/a	4/6	n/a	1/1	n/a	m/a	7,695	6,997
Stephen Kinsella	1/1	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	0	0
Pól O'Mórain	6/6	4/4	n/a	n/a	1/1	n/a	n/a	7,695	1,485
Darina Kneafsey	6/6	n/a	6/6	4/4	1/1	n/a	n/a	7,695	6,233
Annie Hoey	3/4	1/2	1/2	n/a	n/a	n/a	0/0	3,848	0
Iomlán								**68,401**	**22,662**

Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh na comhaltaí Boird seo a leanas as a ról i rith na bliana tar éis gur tháinig deireadh lena dtréimhse san oifig;

- Mary Canning 31 Eanáir 2017
- Siobhan Harkin 31 Eanáir 2017
- Stephen Kinsella 31 Eanáir 2017
- Gordon Ryan 31 Eanáir 2017
- Brian Thornes 31 Eanáir 2017
- Declan Walsh, 31 Eanáir 2017
- Annie Hoey, 30 Iúil 2017

D'éirigh an POF eatramhach, an Dochtúir Anne Looney as a ról i mí an Mhárta 2017 tar éis gur ceapadh POF nua, an Dochtúir Graham Love.

D'éirigh Stiúrthóir na Comhairle um Thaighde in Éirinn, an Dochtúir Eucharia Meehan, as i mí Bhealtaine 2017. Chuaigh an tUas. Peter Brown ina hionad.

Nochtuithe a Cheanglaítear de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás um Ard-Oideachas ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

Mionsonrú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Ceanglaítear faoin gCód go gcuirfeadh comhlachtaí Stáit eolas ar fáil maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaí i ndáil le seirbhísí arna gcur ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe áit a sáraíonn na sochair sin an tairseach de €60,000 – ba cheart na sonraí sin a chur ar fáil i mbandaí de €10,000. I gcomhréir le Ciorclán 13/2014 ón DPER Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ón Státchiste cuirtear an fhaisnéis seo i láthair i nóta 17 sna ráitis airgeadais.

Ceanglaítear nochtuithe sonracha faoin gcód maidir le híocaíochtaí scoir os cionn €10,000. D'éirigh duine amháin as a phost in 2017 agus ba é an costas as sin ná €41,964.

Costais Sainchomhairliúcháin

Tá an miondealú ar Chostais Sainchomhairliúcháin curtha i láthair i nóta 5a de na ráitis airgeadais

Costais agus Socruithe Dlí

Ní raibh aon chostais a bhain le táillí as imeachtaí nó socruithe dlí in 2017. Ní chuimsíonn an chatagóir seo speansais arna dtabhú maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an ÚAO atá nochta sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

	2017 €	2016 €
Táillí dlí – imeachtaí dlí	0	0
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socruithe	0	0
Iomlán	0	0

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2017 €	2016 €
Intíre		
An Bord	9,834	10,325
Fostaithe	128,344	108,560
Idirnáisiúnta		
An Bord	12,828	11,974
Fostaithe	84,310	108,143
Iomlán	235,316	239,002

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2017 €	2016 €
Fáilteachas foirne	2,125	6,121
Fáilteachas cliaint	102	100
Iomlán	2,227	6,221

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh a bhforálacha a chinntiú. Comhlíonann an tÚdarás um Ard-Oideachas ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, leis na heisceachtaí seo a leanas:

I rith 2017, rinneadh caiteachas €45,410 a thabhú maidir le hearraí agus seirbhísí áit nár chloígh na nósanna imeachta arna n-úsáid le treoirlínte soláthair. Tharla sé sin mar thoradh ar thar-rolladh conartha reatha ar feitheamh tairiscint nua a thabhairt chun críche. Tugadh an comórtas tairisceana nua chun críche i mí an Mhárta 2018.

Michael Horgan
Cathaoirleach

Graham Love
Príomhfheidhmeannach

26 Meitheamh 2018

Ráiteas faoin gCóras Rialuithe Inmheánacha

1. Thar ceann Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas glacaim lenár bhfreagracht a dheimhniú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha.

2. Ní cinnteacht iomlán atá sa chóras rialuithe inmheánacha ach cinnteacht réasúnach go mbíonn sócmhainní slán, go mbíonn idirbhearta ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta orthu agus go n-aithnítear nó go ndéantar neamhrialtachtaí nó earráidí ábhartha a chosc go pras.

3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an Údarás le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialála i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, lena n-áirítear deighilt dualgas;
- Cloí le prionsabail an rialachais chorparáidigh atá sa Chód Cleachtas chun Comlachtaí Stáit a Rialú 2016;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú; agus
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Tá córas na rialaithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus ar nósanna imeachta riaracháin agus seiceálacha diana leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a dhéanann comhaltaí an Údaráis a athbhreithniú agus a fhaomhadh;
- Athbhreithniú rialta ag comhaltaí an Údaráis ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh na mbuiséad; agus
- Teorainneacha údaraithe a shocrú don chaiteachas maidir le foréileamh cistí agus íocaíocht amach cistí.

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ag an Údarás a mbíonn cruinnithe rialta aige chun obair na hIniúchóireachta Inmheánaí a athbhreithniú. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca go dtí an Bord. Rinneadh obair na hIniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú go comhlacht gairmiúil cuntasaíochta, Mazars, agus an comhlacht reatha ceaptha ag an mBord i mí na Samhna 2014 tar éis tairisceana forlíontaí ar thug an ÚAO agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoi i dteannta a chéile.

Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca freagrach as plean oibre na hiniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh, agus ullmhaítear é agus aird á tabhairt ar phróifíl anailís riosca an ÚAO. Cuimsíonn an plean soláthar d'athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar obair an iniúchóra inmheánaigh, ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ar fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin an Údaráis a bhfuil freagracht air as forbairt agus as cothabháil an chreat rialuithe airgeadais inmheánacha, agus ar na tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina thuairisc de réir mar is infheidhme.

Rinne iniúchóirí seachfhoinsithe an ÚAO athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca an dara tuarascáil a mheas ag a chruinniú a reáchtáladh ar an 5 Márta 2018. Ina theannta sin rinne na hiniúchóirí inmheánacha na hathbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí seo a leanas i rith 2017:

Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca – tuarascáil breithnithe ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 5 Meán Fómhair 2017

Cuireadh tús le hathbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí ar chur i bhfeidhm na moltaí ó athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí roimhe sin i mí Eanáir 2018. Rinneadh an tuarascáil a mheas ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 5 Márta 2018.

D'fhaomh an t-Údarás creat bainistíochta riosca agus, le cúnamh ó na hiniúchóirí inmheánacha, cuireadh clár rioscaí i bhfeidhm.

Fuair an Coiste Iniúchóireachta tuarascáil ón POF ar chur i bhfeidhm creat bainistíochta riosca an ÚAO ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair 2017.

Thug iniúchóirí inmheánacha an ÚAO faoi athbhreithniú ar bhainistíocht riosca an ÚAO i mí Bhealtaine 2017, agus rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca an tuarascáil sin a bhreithniú ag a chruinniú ar an 5 Meán Fómhair 2017. Ag eascairt ón athbhreithniú rinneadh roinnt athruithe ó Eanáir 2018 ar aghaidh, lena n-áirítear:

- Tuarascáil Bainistíochta Riosca a thuairisciú go foirmeálta don Bhord tríd an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca dhá huair sa bhliain;
- Tuairisc an POF maidir le bainistíocht riosca a chur sa tuarascáil arna cur faoi bhráid gach cruinniú den Bhord;
- Bainistíocht Riosca le bheith ina mír sheasta ag gach cruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an t-Údarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

Michael Horgan
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2018

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais	*2*	1,153,979	1,111,584
Ús Tuillte		3	20
Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin	*19b*	670	623
Ioncam Eile	*3*	11,530	33,035
		1,166,182	1,145,262
Lúide			
Méideanna leithdháilte don ÚAO			
Cuspóirí Caipitil	*7*	(102)	(43)
		1,166,080	1,145,219
Caiteachas			
Deontais Athfhillteacha agus Rochtana	*4*	1,066,097	1,027,251
Deontais Caipitil	*4*	21,626	30,072
Deontais Taighde	*4*	69,166	78,674
Forchostais Riaracháin	*5*	8,901	9,344
		1,165,790	**1,145,341**
		290	(122)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil	*7*	75	73
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**365**	**(49)**
Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh ón 1 Eanáir		2,485	2,534
Iarmhéid tugtha ar aghaidh		**2,850**	**2,485**

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Gach mír ioncaim agus caiteachais a bhaineann le gníomhaíochtaí leantacha.

Michael Horgan
Cathaoirleach

Graham Love
Príomhfheidhmeannach

26 Meitheamh 2018

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Barrachas/(Easnamh) roimh leithghabhálacha		**365**	**(49)**
Caillteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	*19e*	(1,368)	(1,434)
Athrú sna boinn tuisceana ar a bhfuil luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir bunaithe		(1,664)	(3,943)
Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain		**(3,032)**	**(5,377)**
Coigeartú ar chistiú pinsin iarchurtha		3,032	5,377
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		**365**	**(49)**

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Michael Horgan
Cathaoirleach

Graham Love
Príomhfheidhmeannach

26 Meitheamh 2018

Ráiteas faoi Sheasamh Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Sócmhainní Neamhreatha			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	*6*	114	87
Sócmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	*8*	1,074	738
Coibhéisí Bainc agus Airgid Thirim		42,711	23,460
		43,785	24,198
Dliteanais Reatha			
Iníocaíochtaí agus Caiteachas Fabhraithe	*9*	40,935	21,713
Glansócmhainní Reatha		**2,850**	**2,485**
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin		2,964	2,572
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	*19f*	29,702	26,000
Dliteanais Phinsin	*19f*	(29,702)	(26,000)
		0	0
Glansócmhainní Iomlána		**2,964**	**2,572**
Léirithe ag:			
Cúlchiste Caipitil	*7*	114	87
Cúlchiste Ginearálta	*10*	2,850	2,485
		2,964	**2,572**

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Michael Horgan
Cathaoirleach

Graham Love
Príomhfheidhmeannach

26 Meitheamh 2018

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	2017 €'000	2016 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Ioncam Breise os cionn caiteachais	365	(49)
Dímheas agus bearnú sócmhainní seasta	75	73
Méadú/(Laghdú) ar Infháltais	(336)	1,061
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	19,222	5,327
Ús bainc isteach	(3)	(20)
Leithdháileadh chun Míreanna Caipitil a Mhaoiniú	102	43
Aistriú ón gCuntas Chúlchiste Caipitil	(75)	(73)
Glan-insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin	**19,350**	**6,362**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	(102)	(43)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	**(102)**	**(43)**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Ús bainc isteach	3	20
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais	**3**	**20**
Méadú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim	**19,251**	**6,339**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir	23,460	17,121
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig	**42,711**	**23,460**

Michael Horgan
Cathaoirleach

Graham Love
Príomhfheidhmeannach

26 Meitheamh 2018

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas ar an 15 Bealtaine 1972 chun feidhmeanna a chomhlíonadh arna sannadh dó ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971. Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe.

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá na boinn chuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlacann an tÚdarás um Ard-Oideachas leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad ar fad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas chun feidhmeanna a chomhlíonadh arna sannadh dó ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971, agus tá a cheannoifig i 3 Foirgnimh Shelbourne, Ascaill Crampton, Bóthar Shelbourne, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas an comhlacht maoinithe reachtúil don earnáil ardoideachais agus tá sé freagrach as leithdháileadh airgid arna chur ar fáil ag an Oireachtas le haghaidh ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochtaí agus institiúidí sannta eile.

Tá sé ina cheannródaí ó thaobh forbairt straitéiseach a dhéanamh ar chóras ardoideachais agus thaighde na hÉireann agus tá sé de chuspóir aige córas comhleanúnach d'institiúidí ilghnéitheacha a bhfuil misin éagsúla acu a chruthú, córas a fhreagraíonn d'fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach na hÉireann agus a thacaíonn le cuspóirí náisiúnta a bhaint amach.

Déanann sé faireachán ar fheidhmíocht institiúidí ardoideachais agus tá sé cuntasach don Aire i dtaobh fheidhmíocht agus rialachas an earnáil ardoideachais. Is Eintiteas Sochair Phoiblí é an tÚdarás um Ard-Oideachas.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgid a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Ba é 1 Eanáir 2014 an dáta chun aistriú chuig FRS102.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe atá á thomhais ag luachanna córa mar a mhínítear sna polasaithe cuntasaíochta thíos. Leagtar amach na ráitis airgeadais san fhoirm atá formheasta ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le comhthoiliú ón Aire Airgeadais faoin Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá an t-Údarás díolmhaithe ó Chánachas Corparáide faoi Ordú Stádais Charthanúil. Ar an mbonn sin, níor áiríodh aon cháin i dtaobh Cháin Chorparáide sna Ráitis Airgeadais.

d) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS102). Ullmhaítear na Ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus tá siad i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ag an ráta malartaithe ar dháta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ar dháta an chláir chomhardaithe a thuairisciú ag na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin.

e) Ioncam a Aithint

i. Deontas Oireachtais

Is ionann Ioncam ó dheontais Oireachtais agus ioncam fabhraithe sa bhliain. Chomh maith le speansais reatha a chlúdach féadfar na deontais sin a chur i bhfeidhm freisin le haghaidh cuspóirí eile, lena n-áirítear troscán a cheannach, trealamh a athsholáthar nó miontionscadail chaipitil a chur i gcrích.

ii. Ioncam Deontais Neamh-Stáit

Áirítear le hioncam ó fhoinsí nach foinsí stáit iad airgead faoi na Cláir Science without Borders agus Eorpacha. Is ionann TF agus ioncam fabhraithe sa bhliain.

iii. Aisíocaíochtaí

Baineann aisíocaíochtaí arna bhfáil ó Institiúidí Ardoideachais le maoiniú taighde nár caitheadh. Filltear na méideanna arna bhfáil ar an Roinn Oideachais agus Scileanna ar bhonn bliantúil.

f) Trealamh

Tá sócmhainní seasta an Údaráis a chuimsíonn troscán agus trealamh agus ríomhairí sonraithe sna ráitis airgeadas ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha agus soláthar do bhearnú áit is infheidhme. Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tharla bearnú do luach na sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

Dímheas agus Soláthar do Bhearnú

Baintear dímheas ó ríomhairí ag ráta de 33 1/3% in aghaidh na bliana le modh na líne dírí. Baintear dímheas ó na sócmhainní seasta eile go léir ag ráta de 10% in aghaidh na bliana le modh na líne dírí. Áit gurb ann do fianaise de bhearnú déanann an tÚdarás comparáid idir luach (tugtha) anonn na sócmhainní atá i gceist agus an luach maidir le húsáid agus fáltais ionchais ó dhiúscairt lúide costas le díol. Déantar luach in úsáid a tomhas mar shreafaí airgid lascainithe a bhfuiltear ag súil go sreabhfaidh siad ó shócmhainní arna ngrúpáil mar aonaid ghiniúna airgid.

g) Maoiniú Caipitil

Déantar sócmhainní an Údaráis a mhaoiniú le deontais riaracháin. Is ionann an Cuntas Cúlchiste Caipitil agus méid an ioncaim arna leithdháileadh le haghaidh cuspóirí caipitil lúide an méid arna scaoileadh go hioncam thar shaol na sócmhainní.

h) Deontais arna Leithdháileadh d'Ollscoileanna, d'Institiúidí Teicneolaíochta agus d'Institiúidí Sannta

Is ionann an caiteachas faoi na ceannteidil seo agus na deontais a leithdháileadh do na hOllscoileanna agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta i dtaobh na bliana. Is iad na hinstitiúidí sannta ná Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Coláiste Mhuire Gan Smál, Coláiste Oideachais Naomh Angela agus Mater Dei. Cuirtear na deontais sin i bhfeidhm ag na hinstitiúidí ar an mbonn seo a leanas:

i. Deontais Athfhillteacha

Chomh maith le speansais reatha a chlúdach féadfar na deontais sin a chur i bhfeidhm freisin le haghaidh cuspóirí eile, lena n-áirítear troscán a cheannach, trealamh a athsholáthar nó miontionscadail chaipitil a chur i gcrích.

ii. Deontais Tógála

Úsáidtear na deontais chun costais tógála, bonneagair, fáil maoine agus athchóirithe a chlúdach, agus ar chúinsí áirithe féadfar iad a úsáid chun eisiúintí tosaigh stoc leabharlainne, trealaimh nó troscáin a mhaoiniú.

iii. Deontais faoin Tionscnamh Taighde

Cuimsíonn na deontais sin:

- Maoiniú faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú-Leibhéal (PRTLI) le haghaidh scéimeanna athfhillteacha agus chuspóir caipitil arna maoiniú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI).
- Maoiniú faoi Scéimeanna Taighde na Comhairle um Thaighde in Éirinn.
- Maoiniú ón 1 Deireadh Fómhair 1999 thar ceann an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) faoi scéim chomhaltachtaí iardhochtúireachta.
- Tá leithdháiltí taighde nár caitheadh agus a aisíoctar leis an HEA iníoctha leis an ROS agus le DBEI.

iv. An Oifig Náisiúnta um Rochtain Chomhionann ar an Ardoideachas

Cuimsíonn na deontais sin:

- Maoiniú faoin gClár Cúnaimh do Mhic Léinn.
- Maoiniú faoin gciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.

v. Erasmus

Áirítear aon mhaoiniú Erasmus mar chreidiúnaí in-aisíoctha i Nóta 12.

i) Sochair Scoir

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne a áireamh atá á gcoinneáil ag an Údarás um Ard-Oideachas. Déantar méid arb ionann an costas pinsin a aithint mar ioncam sa mhéid is atá sé inghnóthaithe, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Déantar costais phinsin faoi FRS 102 a mheasúnú i gcomhréir le comhairle achtúireach bunaithe ar na luachálacha agus na boinn tuisceana achtúireacha is déanaí arna sainiú ag an achtúire.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Áirítear leis na dliteanais phinsin, luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Is é atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhfar amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Freisin oibríonn an ÚAO Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

j) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Suntasacha

Éilíonn ullmhúchán na ráitis airgeadais go ndéanfadh bainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dhliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncaim agus speansais le linn na bliana. É sin ráite, de bharr nádúr an mheastacháin ciallaíonn sé seo go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí tionchar suntasach ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dualgas Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luacháilacha achtúireacha ar a ndeimhnítear na suimeanna aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí breisithe sna leibhéil cúitimh todhchaí, rátaí báis agus rátaí a bhaineann le treochtaí costais cúram sláinte) a thabhairt suas chun dáta go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na rudaí seo a leanas ar na boinn tuisceana sin:

i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáide d'ardchaighdeán
ii. Leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca margaidh lucht oibre sa todhchaí
iii. Rátaí treochta maidir le costais chúraim sláinte, ráta boilscithe chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

Ioncam iarchurtha

Beidh tionchar ag sainiú mhéideanna ioncaim iarchurtha, ioncam Taighde ach go háirithe, ar an mBarrachas/an Easnamh don bhliain agus ar na Cúlchistí Ioncaim ar dháta an Ráitis maidir le Staid Airgeadais. Déantar ioncam a iarchur don tréimhse ina dtagann na gealltanais ghaolmhara chun cinn.

k) Leasanna Comhaltaí

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (DPER) i ndáil le nochtadh leasanna Chomhaltaí an Údaráis agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh idirbhearta ar bith ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas tairbheach ag Comhaltaí an Údaráis.

l) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar chíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar tréimhse an léasa, ach amháin nuair atáthar ag súil le harduithe cíosa atá bainteach leis an ráta úis measta, áit a ndéantar na harduithe seo a aithint nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa thar saolré an léasa.

2. Deontais Oireachtais

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Deontais Athfhillteacha		1,045,233	989,692
Deontais Oifig Rochtana		20,261	17,910
	11	**1,065,494**	**1,007,602**
Deontais Caipitil		21,626	30,071
Deontais Taighde		58,958	65,962
Deontais Riaracháin		7,901	7,949
	11	**1,153,979**	**1,111,584**

3. Ioncam Eile – Riarachán

	2017 €'000	2016 €'000
Maoiniú Tionscadal Eorpach	478	501
Ranníocaíocht Eile	330	323
	808	824
Ioncam Deontais Neamh-Stáit	10,722	32,211
Iomlán an Ioncaim Eile	**11,530**	**33,035**

4. Deontais d'Institiúidí

	2017 €'000	2016 €'000
Deontais Athfhillteacha	1,045,477	1,009,282
Deontais Oifig Rochtana	20,620	17,969
	1,066,097	**1,027,251**
Deontais Caipitil	21,626	30,072
Deontais Taighde	69,166	78,674
	1,156,889	**1,135,997**

Maoinítear na deontais taighde d'institiúidí ó ioncam taighde a thaispeántar faoi Dheontais Oireachtais. Taispeántar ioncam taighde nach ioncam Stáit é faoi Ioncam Eile.

5. Forchostais Riaracháin

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Costais Foirne			
Tuarastail & Pá		4,000	4,001
Sochair Scoir	*19c*	1,106	1,074
Speansais Taistil agus Chothabhála/Intíre		138	119
Speansais Taistil agus Chothabhála/Idirnáisiúnta		97	120
		5,341	**5,314**
Áitreabh – Cothabháil agus Forchostais			
Soilse agus Teas		15	20
Cothabháil		148	150
Cíos & Árachas		751	745
Dímheas		75	73
		989	**988**
Costais Riaracháin Ghinearálta			
Speansais Oifige		168	159
Post agus Teileafón		54	46
Muirir Bhainc		1	1
Teicneolaíocht na Faisnéise		193	182
Forbairt Foirne		47	17
Táillí Iniúchóireachta		45	35
		508	**440**
Oideachas Taighde agus Forbairt			
Foilseacháin		689	749
Seimineáir		105	186
Taillí Taighde agus Suirbhé	*5a*	759	1,070
Costais na Measúnóirí		349	352
Tionscadail HERA, Comhairle agus Eorpacha		39	142
Ballraíocht ar Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE)		4	5
Gairm agus Ceapacháin		52	33
		1,997	**2,537**
Táillí Chomhaltaí an Bhoird	*18*	**66**	**65**
Iomlán		**8,901**	**9,344**

5a. Táillí Taighde agus Suirbhé

	2017 €'000	2016 €'000
Idirphlé Straitéiseach, An Straitéis Náisiúnta, Athbhreithniú RGAM, Feidhmíocht Córais agus Comhairle Beartais, Comhaltaí an Phainéil agus Eile	201	159
Tacaíocht Bhunachar Sonraí agus Comhairleoireacht Láithreán Gréasáin	94	0
Tacaíocht Marie Curie d'Iarchéimithe	80	80
Iniúchtaí Inmheánacha/Seachtracha, Seiceálacha faoi Airteagal 13 an AE agus Spotseiceálacha Caipitil, Cánachas agus Eile	65	231
Athbhreithnithe Rochtana agus PATH	57	98
Táillí Dlí	36	36
Costais Earcaíochta	14	41
Idirnáisiúnú Athbhreithnithe ar	0	78
Athbhreithniú Rialachas AO na	0	68
hÉireann	212	279
	759	**1,070**

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Trealamh

	Troscán & Trealamh	Ríomhaire Trealamh	2017 €'000	2016 €'000
Costas				
Costas nó Luacháil ar an 1 Eanáir 2017	1,863	2,160	4,023	3,997
Breiseanna i rith na bliana	4	98	102	43
Diúscairtí i rith na bliana	(8)	(12)	(20)	(17)
Ar an 31 Nollaig 2017	1,859	2,246	4,105	4,023
Dímheas				
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2017	1,824	2,112	3,936	3,880
Muirear don bhliain	7	68	75	73
Lúide Dímheas ar Dhiúscairtí	(8)	(12)	(20)	(17)
	1,823	2,168	3,991	3,936
Leabharluach Glan amhail ar 31 Nollaig 2017	36	78	114	87
Leabharluach Glan amhail ar 31 Nollaig 2016	39	48	87	117

7. Cúlchiste Caipitil

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	*6*	87	117
Deontas Oireachtais		102	43
Méid scaoilte go hloncam – Dímheas		(75)	(73)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		114	87

8. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

	2017 €'000	2016 €'000
Suimeanna le haisíoc laistigh d'aon		
bhliain amháin Deontais Taighde	680	459
Infhála Infháltais agus	394	279
	1,074	**738**

Níl aon mhéid dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

9. Iníocaíochtaí agus Caiteachas Fabhraithe

	2017 €'000	2016 €'000
Suimeanna atá le haisíoc laistigh de bhliain amháin		
Fabhruithe		
Ginearálta	6,750	5,575
Athfhillteach	10,723	419
Deontais Taighde iníoctha	263	3,093
Deontais Rochtana Springboard arna bhfáil roimh ré	12,172	2,922
Deontais Taighde arna bhfáil roimh ré	11,027	9,704
	40,935	**21,713**

Áirítear le Deontais Taighde arna bhfáil roimh ré €1.20m de chistí EPS arna mbailiú agus inbhailithe ó chomhpháirtithe EPS a úsáidfear i gcomhréir leis an bhfaomhadh a thugann an Roinn Oideachais agus Scileanna do thionscnaimh ghaolmhara eile.

Níl aon mhéid dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

10. Cúlchiste Ginearálta

	2017 €'000	2016 €'000
Iarmhéid 1 Eanáir	2,485	2,534
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	365	(49)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**2,850**	**2,485**

11. Anailís ar Dheontais Iarchurtha agus ar Ioncam Deontais ÚAO don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2017

IONCAM STÁIT

AINM AN DEONTÓRA	AINM AN DEONTAIS	CUSPÓIR AN DEONTAIS	IARCHUR TOSAIGH	DEONTAS A FUARTHAS	IARCHUR DEIRIDH	IONCAM AGUS CAITEACHAS
			01 Ean 17 €'000	2017 €'000	31 Nollaig 17 €'000	2017 €'000
An Roinn Oideachais agus Scileanna*	Vóta 26 C4 ar Dheontais Ghinearálta Reatha	Maoiniú deontas athfhillteach le haghaidh ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí sannta	0	1,001,853	997	1,000,856
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Vóta Aoisliúntais C10.2	Maoiniú phinsin ollscoile	0	21,550	0	21,550
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	Vóta Gaeilge 33 C4	Gaeilge a mhaoiniú in ollscoileanna agus in institiúidí teicneolaíochta	0	1,067	154	913
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Vóta 26 Springboard NTF (Cuid)	Springboard a mhaoiniú in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta, institiúidí sannta agus i soláthraithe príobháideacha	0	26,552	5,319	21,233
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Vóta 26 Scileanna TFC NTF (Cuid)	Scileanna TFC a mhaoiniú in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta, institiúidí sannta agus i soláthraithe príobháideacha	681	0	0	681
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Vóta 26 C11 Deontas Rochtana	Pinsin a mhaoiniú in ollscoileanna agus in institiúidí sannta	2,923	23,194	5,856	20,261
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Vóta Caipitil D4	Caipiteal a mhaoiniú in ollscoileanna, in institiúidí teicneolaíochta, in institiúidí sannta	0	21,626	0	21,626
An Roinn Oideachais agus Scileanna **	Vóta 26 C12 ar Dheontais Taighde, Athfhillteach agus Chaipiteal	Chun maoiniú a dhéanamh ar thaighde in ollscoileanna, in institiúidí teicneolaíochta agus in institiúidí sannta	408	37,758	5,608	32,558

IONCAM STÁIT						
AINM AN DEONTÓRA	**AINM AN DEONTAIS**	**CUSPÓIR AN DEONTAIS**	**IARCHUR TOSAIGH**	**DEONTAS A FUARTHAS**	**IARCHUR DEIRIDH**	**IONCAM AGUS CAITEACHAS**
			01 Ean 17 €'000	**2017 €'000**	**31 Nollaig 17 €'000**	**2017 €'000**
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ***	Deontais Taighde lena n-áirítear Vóta 32 B5 PRTLI	Chun maoiniú a dhéanamh ar thaighde in ollscoileanna, in institiúidí teicneolaíochta agus in institiúidí sannta	0	26,400	0	26,400
